

## Mo Ghrá-Sa (Idir Lúibíní) - le Nuala Ní Dhomhnaill.

### **Téama:**

Baineann an dán seo le grá gan chuntar an fhile dá fear céile. Ach ní grá rómánsúil é - Déanann an file iarracht a bheith réalaióch. Níl a leannán cosúil le réaltóg scannán. Ní fear dathúil é, ach is cuma léi mar tá sé deas, cineálta. Tá an dán seo bunaithe ar an dán le Shakespeare "My Mistress's Eyes are Nothing Like the Sun". Sa dá dhán, deirtear nach bhfuil an leannán dathúil, ach gur cuma leis an fhile. Tá greann le feiceáil nuair a thugann an file seo cur síos lom dúinn ar chuma a fir. B'fhéidir nach bhfuil sé cosúil le bláth ar bith. B'fhéidir go bhfuil a shúile ró-ghar dá chéile. B'fhéidir go bhfuil a ghruaig cosúil le deilgne. Ach níl sin tábhachtach, mar tugann sé úlla agus caora finiúna di.

### **Mothúcháin:**

Is iad grá agus áthas na mothúcháin a mhúsclaíonn an dán seo ionam. Cinnte, déanann an file cur síos scigiúil ar a fear céile, ach is cur síos réalaióch é. De ghnáth ní fheictear ach buanna, ach feiceann an file lochtanna *agus* buanna a fir. É sin ráite, níl an aoir seo searbh ar chor ar bith. Is léir go bhfuil an file sásta ar fad lena fear, díreach mar atá sé. Baineann sí úsáid as íomhánna cliste chun cur síos neamh-mhaoithneach a dhéanamh ar a grá. Sa véarsa deireanach, deir sí go bhfuil sí sásta go dtugann sé torthaí di mar bhronntanas. Tuigtear nach bhfuil an file á chur síos, ach go bhfuil sí ag tabhairt léargas scigiúil air.

### **Barúl:**

Is aoibhinn liom an dán éadrom seo, mar tá sé thar a bheith greannmhar. Níl baint ag fear an fhile le nóiníní, ach amháin go bhfásfaidh siad amach as a chluasa agus é curtha sa reilg. Is léir go bhfuil féith an ghrinn ag an fhile, agus tá súil agam gurbh amhlaidh a fear! Feictear siombail iontach cliste sa véarsa deireanach. Thug Éabha úll d'Adamh sa Bhíobla, ach tugann an fear seo úlla don fhile. B'fhéidir gur siombail den tsaoirse na caora finiúna. Is léir go bhfuil caidreamh speisialta idir an file agus a fear céile. Is fear nua-aimseartha é, agus tá meas aige ar a bhean chéile.